

# Nuacht Neachtain

**Nollaig, 2023.**

## *Maranatha* – Tar, a Thiarna Íosa

**SEÓ na NOLLAG!**

Cuirfidh páistí Ranganna 1 – 4 *Scéal na Nollag* i láthair oíche amárach, **Déardaoin, 14 Nollaig, ar 7in, i Halla Glór Dhún Geimhin.** £3 an ceann atá ar na ticéid – páistí saor in aisce – agus tá siad ar díol in oifig na Gaelscoile. Tá muid ag tnúth le do theacht. Fáilte roimh achan duine. **IARRTAR AR ACHAN PHAISTE (R.1 – R.4) BHEITH SA HALLA, AGUS É GLÉASTA don SEÓ FAOI 6.40IN AR A DHÉANAÍ. BEIDH AN HALLA AR OSCAILT Ó 6.30in.** Go raibh maith agat.

**SEIRBHÍS CHARÚL**

Cuirfidh páistí Ranganna 5 – 7 Seirbhís Charúl i láthair in **Eaglais Naomh Pádraig oíche Dé Máirt, 19 Nollaig ar 7.00in**. Iarrtar ar achan pháiste bheith san Eaglais faoi 6.40in ar a dhéanaí, le do thoil.

**SEÓ NOLLAG NAÍSCOIL NEACHTAIN**

Cuirfidh na páistí as Naíscoil Neachtain *Seó na Nollag* i láthair maidin **Dé Máirt, 19 Nollaig, ar 10.30rn sa Naíscoil.** Fáilte roimh achan duine. Iarrtar ar thuismitheoirí na páistí a fhágáil sa Naíscoil, mar is gnách, ar 9.00rn, maidin Dé Máirt. Go raibh maith agat.

**ACHAINÍ NOLLAG NAOMH UINSEANN de PÓL**

Déanfaidh na páistí as Rang 7 bailiúcháin airgid ag Seónna na na Nollag agus ag an tSeirbhís Charúl d'Achainní Nollag de chuid Naomh Uinseann de Pól. Ba mhór againn do chuid flaithiúlachta, go háirithe ag am seo na bliana. Go raibh maith agat.

**SEÓ na NOLLAG / CHRISTMAS SHOW!**

Children from Ranganna 1 – 4 will present *Scéal na Nollag / The Christmas Story* tomorrow evening, **Thursday, 14th December, at 7pm, in Halla Glór Dhún Geimhin.** Tickets cost £3 – free admission for children - and are on sale in the Gaelscoil office. We look forward to seeing you there. Everyone welcome. **EVERY CHILD (R.1 – R.4) IS ASKED TO BE IN THE HALL, DRESSED FOR THE SHOW, BY 6.40pm AT THE LATEST. THE HALL WILL BE OPEN FROM 6.30pm. Go raibh maith agat.**

**CAROL SERVICE**

Children from Ranganna 5 – 7 will present a Carol Service in St. Patrick's Church on **Tuesday evening, 19th December at 7.00pm.** All children are asked to be in the Church by at 6.40pm, at the latest, please.

**NAÍSCOIL NEACHTAIN CHRISTMAS SHOW**

Children at Naíscoil Neachtain will present their Christmas show, on **Tuesday, 19th December, at 10.30am in the Naíscoil.** Everyone welcome. Parents are asked to leave children in the Naíscoil, as usual, at 9.00am on Tuesday morning. Go raibh maith agat.

**St. VINCENT de PAUL CHRISTMAS APPEAL**

The children from Rang 7 will take up a collection for the St. Vincent de Paul Christmas Appeal at the Christmas Shows and at the Carol Service. Your generosity would be greatly appreciated, especially, at this time of the year. Go raibh maith agat.

## CINEÁL NOLLAG: R.5 – R.7.

Tabharfaidh páistí as Rang 5 – Rang 7 cuairt ar *Wanes World*, Dé Luain, 18 Nollaig, le haghaidh chineáil Nollag le Rónán an tOiliúnóir. Siúlfaidh na páistí go *Wanes World* i ndiaidh am lóin agus tosóidh an tsiamsaíocht ar 1.00in. Iarrtar ar thuismitheoirí £2 a thabhairt don ghníomhaíocht seo, le do thoil. Cuirtear airgead chuig múinteoir ranga an pháiste s'agatsa faoin Aoine, 15 Nollaig, le do thoil. Go raibh maith agat. **Iarrtar ar thuismitheoirí, le do thoil, na páistí s'acu a thógáil ó *Wanes World* ar 2.30in, Dé Céadaoin, 20ú.** Na páistí atá ag fanacht don Chlub Iarscoile, nó a théann abhaile i dtacsaí nó ar an bhus, siúlfaidh siad ar ais chun na Gaelscoile le baill fhoirne.

## CINEÁL NOLLAG: R.1 – R.4.

Tabharfaidh páistí as Rang 1 – Rang 4 cuairt ar *Wanes World*, Dé Céadaoin, 20 Nollaig, le haghaidh chineáil Nollag le Parky an draíodóir. Siúlfaidh na páistí go *Wanes World* i ndiaidh am lóin agus tosóidh an tsiamsaíocht ar 1.00in. Iarrtar ar thuismitheoirí £2 a thabhairt don ghníomhaíocht seo, le do thoil. Cuirtear airgead chuig múinteoir ranga an pháiste s'agatsa faoin Aoine, 15 Nollaig, le do thoil. Go raibh maith agat. **Iarrtar ar thuismitheoirí, le do thoil, na páistí s'acu a thógáil ó *Wanes World* ar 2.30in, Dé Céadaoin, 20ú.** Na páistí atá ag fanacht don Chlub Iarscoile, nó a théann abhaile i dtacsaí nó ar an bhus, siúlfaidh siad ar ais chun na Gaelscoile le baill fhoirne.

## FÉILIRE 2024

Ár mbuíochas ó chroí le Jennifer McNéill as an Chomhbhráithreachas Chríostaí a thug cóip d'fhéilire Ghaeilge 2024 d'achan teaghlach. Féilire álainn é atá lomlán le léaráidí agus eolas a dhíríonn isteach ar an dúlra. Cuirfear an féilire abhaile leis an pháiste is sine amárach.

## COSAINT AN PHÁISTE

***Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is iad Róisín Mhic Thaidhg agus Danielle Stíobhard Leasmhúinteoirí Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu láithreach bonn.***

## CHRISTMAS TREAT: R.5 – R.7

Children from Rang 5 – Rang 7 will visit Wanes World on Monday, 18th December for a Christmas treat with Ronan the Coach. The children will walk to *Wanes World* after lunch and the entertainment will begin at 1.00pm. Parents are asked to contribute £2, please, for this activity. Please send money to your child's class teacher by Friday, 15th December. Go raibh maith agat. **Parents are asked to collect their children from *Wanes World* at 2.30pm on Monday, 18th.** Children who are staying for the After-School Club, and children who go home in a taxi or on the bus, will walk back to the Gaelscoil with staff. Go raibh maith agat.

## CHRISTMAS TREAT: R.1 – R.4.

Children from Rang 1 – Rang 4 will visit Wanes World on Wednesday, 20th December for a Christmas treat with Parky the magician. The children will walk to Wanes World after lunch and the entertainment will begin at 1.00pm. Parents are asked to contribute £2, please, for this activity. Please send money to your child's class teacher by Friday, 15th December. Go raibh maith agat. **Parents are asked to collect their children from Wanes World at 2.30pm on Wednesday, 20th.** Children who are staying for the After-School Club, and children who go home in a taxi or on the bus, will walk back to the Gaelscoil with staff. Go raibh maith agat.

## 2024 CALENDAR

Sincere thanks to Jennifer McNeill from the Christian Fellowship who has gifted a 2024 calendar in Irish to every family. It's a beautiful calendar packed with illustrations and information about nature. The calendar will be sent home with the eldest child tomorrow.

## CHILD PROTECTION

***Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg and Danielle Stewart is currently the Deputy Designated Teachers for Child Protection. If you have any concerns, please contact either immediately.***

## CISTE GAELSCOILE – RÉAMHFHÓGRA

Bunaíodh an Ciste Gaelscoile sa scoilbhliain 2019-2020 chun maoiniú atá de dhíth go gear a sholathar don Ghaelscoil. Osclóidh an ciste i mbliana Dé Luain 5 Feabhra, 2024. Más maith le tuismitheoir ar bith tabhairt isteach níos luathe, áfach, tá fáilte mhór rompu chun sin a dhéanamh! Mar a leanas atá sonraí an chiste - £25 an páiste agus £40 an teaghlach. Léitear thíos, le do thoil, sonraí BACS do dhuine ar bith atá ag iarraidh íoc ar an bhealach seo –
Ulster Bank
Gaelscoil Neachtain School Fund
Sort Code: 98-05-83
Account Number 10583399

**TEACHT ISTEACH: MEÁN FÓMHAIR, 2024.**
Léitear thíos, le do thoil, dátaí tábhachtacha maidir leis an phróiseas theacht isteach páistí go Naíscoil agus go Gaelscoil do mhí Mheán an Fhómhair, 2024 –

**An Mháirt, 12 Nollaig, 2023** – foilsiú critéar agus eolas ar-líne ar theacht isteach páistí go Naíscoil agus go bunscoil.

**An Mháirt, 9 Eanáir, 2024** – osclaíonn córas iarratais an ÚO ar-líne ar **12 meán lae.**

**An Aoine, 26 Eanáir, 2024** – druideann córas iarratais an ÚO ar **12 meán lae.**

Suíomh gréasáin an Údaras Oideachais –
https://www.**eani**.org.uk/parents/**admissions**
Má tá ceist ar bith agat, téitear i dteagmháil leis an Ghaelscoil nó cuirtear r-phost chuig mkelly429@c2kni.net. Go raibh maith agat

## CIS BHIA na NOLLAG

Buíochas ó chroí libh go léir a d'íoc do chion don chis bhia Nollag agus ár mbuíochas ó chroí libh fosta as ticéid a dhíol. Déanfar an crannchúr le haghaidh an chis bhia ag Seó na Nollag oíche amárach.

### AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ann gach maidin idir 8.15 – 8.45r.n. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi deara, le do thoil: ní osclaíonn An Club Bricfeasta go dtí 8.15rn. agus glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40r.n.** Go raibh maith agat.

## GAELSCOIL FUND – ADVANCE NOTICE

The School Fund was started in the school year 2019-2020 and provides much needed financial support for the Gaelscoil. The fund will open this year on Monday, 5th February, 2024. However, if any parent wishes to contribute earlier, they are more than welcome to do so! Details of the fund are as follows –
- £25 per child and £40 per family.

Please see details below for anyone wishing to pay by BACS –
Ulster Bank
Gaelscoil Neachtain School Fund
Sort Code: 98-05-83
Account Number 10583399

**ADMISSIONS: SEPTEMBER, 2024.**
Please read below important dates regarding the application process for admission to Naíscoil and Gaelscoil for September, 2024 -

**Tuesday, 12th December, 2023** – on-line publication of criteria and information on the admissions process to Naíscoil and primary schools.

**Tuesday, 9th January, 2024** – the EA on-line application process opens at **12 noon.**

**Friday, 26th January, 2024** – the admissions process closes at **12 noon.**

Education Authority website -
https://www.**eani**.org.uk/parents/**admissions**
If you have any questions, please contact the Gaelscoil or e-mail mkelly429@c2kni.net Go raibh maith agat.

## CHRISTMAS HAMPER

Sincere thanks to all who contributed to the Christmas hamper and our sincere thanks to you also for selling tickets. The draw for the hamper will take place at the Christmas show tomorrow night.

### BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45am. All children are welcome. **Please note: The Breakfast Club does not open until 8.15a.m. and last orders for breakfast are taken at 8.40a.m.** Go raibh maith agat.

## SAOIRE na NOLLAG

Críochnaíonn Téarma 1 ag Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain **Dé hAoine, 22 Nollaig,** do shaoire na Nollag. Tá cead ag páistí milseáin a thabhairt ar an lá ach **NÍ CHEADAÍTEAR SEACLÁID, nó CNÓNNA de CHINEÁL AR BITH.** Tá fáilte roimh na páistí a gcuid éadaí féin a chaitheamh, más mian leo. Tugtar faoi deara na hamanna imeachta 'na bhaile don Aoine, 22ú, le do thoil:

**Naíscoil (gach páiste) – 11.00rn; R.1 - R.2: 11.40rn; R. 3 – 7: 11.50rn** Rachaidh siblíní abhaile le chéile ag an chéad imeacht.

**Athosclaíonn Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain do na páistí go léir Déardaoin, 4 Eanáir, 2024.**

## COMÓRTAS TICÉAD

Achan bhliain, bíonn **comórtas** ag páistí Rang 7 chun ticéid don seó a dhearadh. Comhghairdeas le Kallie Nic Colgan agus le Logan O hEireamhóin a bhain an comórtas i mbliana. Maith sibh.

## AIFREANN GAEILGE / BÉARLA MAIDIN NOLLAG

Déanfar Aifreann Gaeilge / Béarla a cheiliúradh maidin Nollag ar 9.00rn in Eaglais Naomh Pádraig, Dún Geimhin. Fáilte roimh achan duine.

## BUÍOCHAS

Agus deireadh na bliana ag druidim isteach orainn, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil le hachan duine a chuidíonn linn ag an Ghaelscoil - múinteoirí, foireann taca, Gobhnarnóirí, tuismitheoirí, grúpaí éagsúla pobail, paróiste Dhún Geimhin san áirithe, agus ar ndóigh, na páistí féin ata ag croílár na Gaelscoile. Guímid Beannachtaí agus síochán na Nollag oraibh go léir agus bliain úr 2024 faoi mhaise.



## CHRISTMAS HOLIDAY

Term 1 at Gaelscoil Neachtain and Naíscoil finishes on **Friday, 22nd December** for the Christmas holiday. Children may bring sweets on the day **BUT CHOCOLATE, or ANY KIND of NUTS are NOT PERMITTED.** Children are welcome to wear their own clothes, if they wish. Please note times for going home on Friday, 22nd: **Naíscoil – 11.00am**; **R.1 - R.2: 11.40am; R. 3 – 4: 11.50am.** Siblings will go home together at the first going. **Gaelscoil Neachtain and Naíscoil Neachtain re-open to all children on Thursday, 4th January, 2023.**

## TICKET COMPETITION

Every year, we have a competition in Rang 7 to design tickets for the Christmas show. Congratulations to Kallie Nic Colgan and Logan O hEireamhóin who are this year's winners. Well done!!

## IRISH / ENGLISH MASS on CHRISTMAS MORNING

Mass will be celebrated in Irish / English on Christmas morning at 9.00am in St. Patrick's Church, Dungiven. Everyone welcome!

## THANKS

As we approach the end of the year, I would like to take this opportunity to thank all who support us at the Gaelscoil - teachers, support staff, Governors, parents, various community groups including Dungiven Parish, and of course, the children themselves who are at the heart of the Gaelscoil. I wish all of you the blessings and peace of Christmas and a prosperous 2024.

